Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Márta 2025
(OR. en, de)

6785/25
ADD 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0198(COD)

CODEC 211
COH 14
CADREFIN 21

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le hionstraim um fhorbairt agus fás na Réigiún Teorann (BRIDGEforEU) **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle<br>= Ráitis |

**Ráiteas ón nGearmáin**

‘Measann an Ghearmáin nach mbaineann teorainneacha muirí de réir bhrí Airteagal 2, pointe 1, den dréachtrialachán (‘Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le constaicí trasteorann i réigiúin teorann talún nó muirí i mBallstáit chomharsanachta’) ach le teorainneacha muirí na Gearmáine le Ríocht na hÍsiltíre, le Ríocht na Danmhairge agus le Poblacht na Polainne.’

**Ráiteas ón gCoimisiún**

Tarraingíonn an Coimisiún aird ar an bhfíoras gurb ann d’impleachtaí buiséadacha agus acmhainní daonna don Choimisiún mar thoradh ar leasú na gcomhreachtóirí ar a thogra leasaithe lena mbaintear an oibleagáid chun cláir phoiblí náisiúnta maidir le comhaid trasteorann a bhunú agus lena gcoinnítear clár aonair ar leibhéal an Aontais ar bun. Tugtar tuairisc orthu sin sa Ráiteas Reachtach Airgeadais agus Digiteach a cuireadh faoi bhráid na gcomhreachtóirí.